



AN BEARTAS MUIRÍ COMHTHÁITE

Tá an Beartas Muirí Comhtháite (BMC) ina chur chuige iomlánaíoch i dtaca le beartais uile na mara de chuid an Aontais. Bunaithe ar an smaoineamh gur féidir leis an Aontas torthaí níos airde a bhaint as na farraigí agus as na haigéin agus tionchar níos lú acu ar an gcomhshaol trí chomhordú a dhéanamh ar a bheartais, cuimsítear faoi BMC réimsí éagsúla amhail iascach agus dobharshaothrú, loingseoireacht agus calafoirt mhuirí, an muirthimpeallacht, taighde mara, fuinneamh amach ón gcósta, longthógáil agus tionscail mhara, faireachán mara, turasóireacht mhuirí agus chósta, fostaíocht, forbairt na réigiún cósta, agus caidreamh seachtrach i ngnóthaí mhuirí.

BUNÚS DLÍ

Conclúidí na hUachtaránachta ar bheartas muirí na Comhairle Eorpaí sa Bhruiséil an 14 Nollaig 2007;

Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas lascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle;

I gcomhréir leis an méid sin thuas, ba cheart an Comhbheartas lascaigh (CBI) a chur chun feidhme ar bhealach atá i gcomhréir le beartais eile an Aontais agus, go háirithe, leis an mbeartas muirí (pointe 17 den bhrollach) agus le hAirteagal 34(1)(e), iarrtar ar an gCoimisiún treoirínite a sholáthar chun gníomhaíochtaí dobharshaothraithe a chomhtháthú i bpleanáil spásúlachta mhuirí, chósta agus intíre.

Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus lascaigh.

GARSPRIOCANNA

- Márta 2005: chuir an Coimisiún teachtaireacht chun cinn maidir le BMC do AE ina leagtar amach na cuspóirí atá beartaithe maidir le Páipéar Uaine ar thodhchaí bheartas muirí AE.
- Deireadh Fómhair 2007: chuir an Coimisiún síos togra le haghaidh BMC do AE ar a dtugtar an Páipéar Gorm ([COM\(2007\) 0575](#)), agus Plean Gníomhaíochta comhfhreagrach ([SEC\(2007\)1278](#)).
- Nollaig 2007: ba dhíol sásaimh don Chomhairle Eorpach BMC agus d'iarr sí ar an gCoimisiún tuairisciú ar an dul chun cinn atá déanta ag deireadh 2009.



- Meán Fómhair 2010: chuir an Coimisiún a thogra chun cinn le haghaidh rialachán lena mbunaítear clár maidir le tacaíocht leanúnach airgeadais do BMC do thréimhse 2011-2013 ([COM\(2010\) 0494](#)).
- Nollaig 2011: ghlac an Pharlaimint agus an Chomhairle Eorpach an rialachán thuasluaite, a chruthaigh an bunús dlí atá ann faoi láthair do BMC.
- 8 Deireadh Fómhair 2012: glacadh Clár Mara agus Muirí le haghaidh Fáis agus Post ag airí Eorpacha don bheartas muirí agus ag an gCoimisiún.

CUSPÓIRÍ

Is é atá i BMC ná creat chun forbairt agus comhordú ar ghníomhaíochtaí éagsúla mara a éascú, ar gníomhaíochtaí iad a thagann salach ar a chéile in amanna, agus déanfar an méid sin d'fhonn na nithe seo a leanas:

- úsáid inbhuanaithe na n-aigéan agus na bhfarraigí a uasmhéadú, chun fás na réigiún muirí agus na réigiún cósta a chumasú maidir le:
 - loingseoireacht: feabhas a chur ar éifeachtúlacht an iompair mhuirí san Eoraip agus a iomaíochas fadtéarmach a áirithiú, trí Spás Eorpach Muiriompair gan bhacainní, agus trí straitéis iompair mhuirí do 2008-2018, a chruthú;
 - calafoirt: treoirlínte a eisiúint maidir le reachtaíocht chomhshaoil atá ábhartha i leith calafort a chur i bhfeidhm agus beartais nua chalafoirt a mholadh,
 - tógáil long: nuálaíocht theicneolaíoch agus gréasán Eorpach de bhraislí earnála muirí a chur chun cinn,
 - poist mhuirí: cáilíochtaí gairmiúla a fheabhsú chun deiseanna gairme níos fearr san earnáil a thairiscint,
 - an comhshaol: laghdú a dhéanamh ar thionchar an athraithe aeráide agus oiriúnú don athrú aeráide i gcriosanna cósta, agus laghdú ar thruailliú agus ar astaíochtaí gáis cheaptha teasa ó longa,
 - bainistíocht iascaigh: deireadh a chur le hábhar muirí aischurtha, le cleachtas iascaireachta millteacha (e.g. tráláireacht ghrinnill i limistéir íogaire) agus le hiascaireacht neamhdhleathach, neamhthuiriscithe agus neamhrialáilte, agus do Bharshaothrú atá sábháilte ó thaobh an chomhshaoil a chur chun cinn.
- bonn eolais agus nuálaíochta a thógáil don bheartas muirí, tríd an méid seo a leanas:
 - straitéis chuimsitheach Eorpach i leith Taighde Muirí agus Taighde Muirí (Treoir Réime um Straitéis Mhuirí (2008/56/CE); rannchuidigh an Seachtú Creachlár le haghaidh Taighde lena cur chun feidhme trí nuálaíocht atá mar thoradh ar thaighde i gcomhair cur chuige comhtháite maidir le gnóthaí muirí (2007-2013),



- glaonna comhpháirteacha, glaonna trasnaí agus deiseanna le haghaidh nuálaíochta sa gheilleagar gorm faoi Fhís 2020, an Creatchlár le haghaidh Taighde agus Forbartha Teicneolaíochta (2014-2020),
- tacaíocht do thaighde ar athrú aeráide agus ar an éifeacht atá aici ar ghníomhaíochtaí muirí, an comhshaol, na criosanna cósta agus na n-oileán,
- comhpháirtíocht Eorpach maidir le heolaíocht mhuirí atá dírithe ar idirphlé i measc an phobail eolaíochta, lucht tionscail agus lucht ceaptha beartas.
- mianach saoil a fheabhsú i réigiúin chósta, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - turasóireacht chósta agus mhuirí a spreagadh,
 - bunachar sonraí maidir le cistiú Comhphobail a ullmhú do thionscadail mhuirí agus do réigiúin chósta,
 - Straitéis Chomhphobail maidir le Tubaistí a chosc a chruthú;
 - acmhainneacht mhuirí na réigiún agus n-oileán is forimeallaí san Aontais Eorpaigh a fhorbairt.
- ceannaireacht AE i ngnóthaí muirí idirnáisiúnta a chur chun cinn, tríd an méid seo a leanas:
 - comhar i ngnóthaí muirí faoin mBeartas um Méadú, faoin mBeartas Eorpach um Chomharsanacht agus faoi Dhiminsean an Tuaiscirt, chun saincheisteanna beartais mhuirí a chumhdach agus bainistiú na bhfarraigí comhroinnte,
 - teilgean Bheartas Muirí AE bunaithe ar idirphlé struchtúrtha le comhpháirtithe móra.
- infheictheacht na hEorpa muirí a ardú, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - feidhmchlár idirlín ‘Atlas Eorpach na bhFarraigí’ a sheoladh mar bhealach chun oidhreacht choiteann mhuirí na hEorpa a thabhairt chun suntais,
 - Lá Muirí Eorpach bliantúil a cheiliúradh an 20 Bealtaine.
- struchtúir inmheánacha chomhordúcháin do ghnóthaí muirí a chruthú agus freagrachtaí agus inniúlachtaí na réigiún cósta a shainiú.

A BHFUIL BAINTE AMACH

Seoladh roinnt gníomhaíochtaí sonracha i gcomhréir leis an bPlean Gníomhaíochta um Beartas Muirí:

- Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le straitéis Eorpach le haghaidh taighde ar chúrsaí mara agus muirí ([COM\(2008\) 0534](#)), lena moltar bearta agus sásraí nithiúla chun taighde ar chúrsaí mara agus muirí a fheabhsú;
- Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le fuinneamh gaoithe amach ón gcósta ([COM\(2008\) 0768](#)), lena sainiúitear na dúshláin ar gá dul i ngleic leo chun leas a bhaint as acmhainneacht na hEorpa i leith fuinneamh gaoithe amach ón



gcósta, agus béim á leagan aige ar an ngá atá ann le réitigh thionsclaíocha agus theicneolaíocha níos fearr, reachtaíocht chomhshaoil AE a chur i bhfeidhm bunaithe ar an measúnú réalaíoch ar an tionchar a bheadh ar fheirmeacha gaoithe, agus feabhas a chur ar eangacha leictreachais a bhfuil ar a gcumas giniúint agus éileamh a chothromú, agus cumhacht a tharchur chuig na lárionaid tomhaltais;

- Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis na spriocanna straitéiseacha agus na moltaí a bhaineann le beartas iompar muirí AE a chuireann loingseoireacht shábháilte éifeachtúil chun cinn ([COM\(2009\) 0008](#)), chomh maith le plean cumarsáide agus gníomhaíochta d'fhonn spás Eorpach muiriompair gan bhacainní a bhunú ([COM\(2009\) 0010](#)), a bhfuil togra le haghaidh treoir maidir le foirmiúlachtaí tuairiscithe do longa atá ag teacht isteach i gcalafoirt na mBallstát agus/nó ag imeacht ó chalafoirt na mBallstát ([COM\(2009\) 0011](#)) ag gabháil leis, agus gach ceann acu dírithe ar mhaorlathas a laghdú agus an t-iompar muirí idir calafoirt AE a éascú;
- Straitéis do réigiún Mhuir Bhailt ([COM\(2009\) 0248](#)), an chéad straitéis chuimsitheach a forbraíodh ar leibhéal 'macrairéigiúin', agus an chéad chéim i dtreo chur chun feidhme réigiúnach BMC, lena n-áirítear liosta de 80 thionscadal shuaitheanta. I gcomhordú iomlán leis an straitéis, ghlac an Coimisiún Clár Oibre AE maidir le Fás Gorm le haghaidh Réigiún Mhuir Bhailt (SWD(2014) 167), agus é bunaithe ar chur chuige comhsheasmhach don nuálaíocht agus inbhuanaitheacht mhéadaithe;
- Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le BMC le haghaidh rialachas níos fearr a bhaint amach sa Mheánmhuir ([COM\(2009\) 0466](#)), a bhfuil sé d'aidhm aige gníomhaíochtaí earnálacha éagsúla a chuireann an tAontas Eorpach chun cinn i limistéar na Meánmhara a chomhlánú;
- Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le gné idirnáisiúnta BMC ([COM\(2009\) 0536](#)), lena gcomhlánaítear tionscnaimh réigiúnacha a bhí ann roimhe sin trí iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi ar cheart BMC a leathnú amach ar an ardán idirnáisiúnta níos leithne, agus cruthú chreat AE maidir le cur chuige domhanda i leith gnóthaí muirí á bheartú, feabhas a chur ar ról an AE i bhfóraim idirnáisiúnta;
- Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le hEolas Muirí 2020 ([COM\(2010\) 0461](#)), a ceapadh chun feabhas a chur ar an úsáid a bhaintear as eolas eolaíoch faoi fharraigí agus faoi aigéin na hEorpa trí chur chuige comhordaithe i dtaca le bailiú agus cóimeáil sonraí;
- Straitéis an Aontais Eorpaigh don Mhuir Dhubh^[1], lena mbunaítear limistéar síochána, daonlathais, rathúnais agus cobhsaíochta agus lena ndéantar foráil do shlándáil fuinnimh AE;
- Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Straitéis Mhuirí don Atlantach ([COM\(2011\) 0782](#)), a bhfuil sé mar aidhm léi cruthú post agus fás i limistéar an Atlantaigh a chur chun cinn trí fheabhas a chur ar a acmhainneacht mhuirí. D'aithin Fóram an Atlantaigh gníomhaíochtaí tosaíochta trí Phlean Gníomhaíochta arna

[1]IO C 136 E, 11.5.2012, lch. 81.



ghlacadh an 13 Bealtaine 2013, lena gceadaítear úsáid straitéiseach a bhaint as cistiú struchtúrach AE chun tacú le fás muirí don tréimhse 2014-2020;

- teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an bhFás Gorm ([COM\(2012\) 0494](#)), i dtaca le comhthionscnamh a sheoladh leis na Ballstáit, na réigiúin agus na páirtithe leasmhara go léir chun acmhainneacht an gheilleagair ghoirm a scaoileadh;
- Rialachán (AE) Uimh. 1052/2013 lena mbunaítear an Córas Eorpach um Fhaireachas ar Theorainneacha (Eurosur), chun coireanna trasteorann a bhrath, a chosc agus a chomhrac agus chun a áirithiú go ndéanfar beatha imirceach a chosaint;
- Treoir 2014/89/AE lena mbunaítear creat do phleanáil spásúil mhuirí chun fás inbhuanaithe na ngeilleagar muirí agus úsáid beo-acmhainní muirí a chur chun cinn, chun a áirithiú go mbeidh pleanáil chuí ina bunchúis le gníomhaíochtaí uile atá bunaithe ar muir, ionas go mbeifear in ann breis sineirge a bhaint amach idir gníomhaíochtaí éagsúla muirí;
- Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an Timpeallacht Chomónta um Chomhroinnt Faisnéise (COM(2014) 0451), lena mbeartaítear feabhas a chur ar éifeachtúlacht agus ar éifeachtúlacht costais an fhaireachais mhuirí trí bhíthin sonraí iomchuí, atá slán agus éifeachtúil a chumasú thar earnálacha agus thar theorainneacha ar fud AE. I measc na nithe sin, tá gardaí cósta, faireachán tráchta, faireachán comhshaoil, cosc ar thruailliú, iascach, rialú teorann, údaráis um fhorghníomhú cánach agus um fhorghníomhú ginearálta an dlí, agus cabhlaigh;
- Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le beartas comhtháite an Aontais Eorpaigh don Artach (JOIN(2016) 0021), lena ndírítear ar chomhar idirnáisiúnta a chur chun cinn maidir leis an tionchar a bheidh ag athrú aeráide agus ar mhaithe le forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn agus rannchuidiú léi, go háirithe sa chuid Eorpach den Artach.
- Straitéis an Aontais Eorpaigh don Réigiún Aidriadach agus Iónach (COM(2014) 0357), ina ndéantar foráil maidir le creat le haghaidh straitéis mhacraireigiúnach chomhchuí agus maidir le Plean Gníomhaíochta chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus ar dheiseanna muirí, trí chomhar idir na tíortha rannpháirteacha;

RÓL PHARLAIMINT NA HEORPA

Ba fhoras polaitiúil nua an cur chuige comhtháite ina cuireadh réimsí beartais éagsúla le chéile. Tá saincheisteanna maidir le beartas muirí sa Pharlaimint faoi réir roinnt coistí, agus tá Ard-Stiúrthóireacht na nGnóthaí Muirí agus na hlascaireachta eagraithe ag an gCoimisiún lena áirithiú go bhfuil comhordú téamach níos fearr ann agus, sa Chomhairle, tá inniúlacht ag an gComhairle Gnóthaí Ginearálta agus um Chaidreamh Seachtrach maidir le BMC. Ghlac an Pharlaimint an chéad chéim i dtreo sineirgí níos fearr trí Idirghrúpa maidir le'Farraigí, Aibhneacha, Oileán agus Limistéir Chósta' a sheoladh, faoi chathaoirleacht Gesine Meissner (ALDE) agus trí níos mó ná 80 Fheisire de Pharlaimint na hEorpa a thabhairt le chéile ó shé ghrúpa pholaitiúla éagsúla agus ó 19 mBallstát i struchtúr oibre atá ag gníomhú go cothrománach agus trasna páirtithe.



Rinne meitheal ón bParlaimint tuarascáil a dhréachtú ar an bPáipéar Uaine maidir le BMC lena raibh baint ag an gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, an Coiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia agus an Coiste um Iascach (coistí comhlachaithe ar iarradh tuairim orthu a bhí sa dá choiste dheireanacha), chomh maith leis an gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh agus an Coiste um Fhorbairt Réigiúnach (ar iarradh tuairim orthu). Sa chéad rún an 12 Iúil 2007 maidir le beartas muirí amach anseo san Aontas Eorpach: fíis Eorpach do na haigéin agus na farraigí^[2]:

- leagadh béim ar an athrú aeráide mar an dúshlán is mó don bheartas muirí, a rachfar i ngleic leis trí astaíochtaí gáis ó longa a laghdú, measúnú ar a indéanta atá an trádáil astaíochtaí le haghaidh loingseoireachta agus fuinneamh in-athnuaite a chur chun cinn;
- loingseoireacht Eorpach níos fearr ar longa Eorpacha níos fearr trí astaíochtaí truailléan aeir a laghdú agus san am céanna feabhas a chur ar shábháilteacht mhuirí agus ar reachtaíocht shóisialta d'oibrithe;
- beartas cósta níos fearr, lena n-áirítear calafoirt Eorpacha níos fearr, trí ionstraimí beartais chomhtháthaithe a úsáid;
- tá ról lárnach ag an gcomhshaol inbhuanaithe cósta, mar aitheantas ar an ról ríthábhachtach atá ag an gcomhshaol maidir le maireachtáil na hearnála sin;
- timpeallacht mhuirí inbhuanaithe, mar aitheantas ar an riachtanas a chaomhnú agus, ina lán cásanna, athshlánú a dhéanamh;
- beartas comhtháite iascaigh mar bhealach le leasanna iascaireachta mionscála a chosaint, deireadh a chur le fadhbanna foghabhálacha agus ábhar muirí aiscurtha, agus suntas méadaitheach socheacnamaíoch an do Bharshaothraithe a aithint;
- taighde, fuinneamh, teicneolaíocht agus nuálaíocht na mara chun freagairt chuí a thabhairt ar dhúshlán na hinbhuanaitheachta, le tacaíocht chuí ó mhaoiniú AE agus ó chistiú na mBallstát, agus trí 'Chuibhreannas Eolaíochta Muirí na hEorpa' agus comhthiomsú an eolais sin;
- comhbheartas muirí a bhfuil sé d'aidhm aige spás muirí coiteann Eorpach a chruthú a rannchuideoidh le comhtháthú an mhargaidh inmheánaigh i dtaca le hiompar agus seirbhísí muirí laistigh den AE.

Bhí rún ón bParlaimint an 20 Bealtaine 2008 maidir le beartas comhtháite muirí don AE^[3], mar fhreagairt ar Theachtaireacht ón gCoimisiúin ar an ábhar céanna, bunaithe ar thuarascáil ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, le tuairimí ón gCoiste um Iascach agus ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach.

Dhréachtaigh an Pharlaimint tuarascáil lena gcumhdaítear pacáiste cumarsáide an Choimisiúin i nDeireadh Fómhair 2009 maidir le BMC ([COM\(2009\) 0466](#), [COM\(2009\) 0536](#), [COM\(2009\) 0538](#) agus [COM\(2009\) 0540](#)) leis an gCoiste um Iompar

[2] IO C 175 E, 10.7.2008, lch. 531.

[3] IO C 279 E, 19.11.2009, lch. 30.



agus um Thurasóireacht agus le tuairim ón gCoiste um Iascach faoin nós imeachta comhlachais (Riail 50 de na Rialacha Nós Imeachta). Leis an rún an 21 Deireadh Fómhair 2010 maidir leis an mBeartas Muirí Comhtháite — Meastóireacht ar an dul chun cinn atá déanta agus ar dhúshlán nua^[4], dearbhaíodh measúnú na Parlaiminte atá go hiomlán dearfach i dtaca le BMC.

An 24 Samhain 2011, agus tar éis an mholta ón gCoiste um Iompar agus um Thurasóireacht, a bhí ina phríomhchoiste don tuarascáil, ghlac an Pharlaimint a seasamh maidir leis an gClár chun tacú le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an mBeartas Muirí Comhtháite ([2010/0257\(COD\)](#)).

Agus í glactha ag an gComhairle, bhí an tuarascáil, arb é Rialachán (AE) Uimh. 1255/2011 anois é, ina creat do BMC go dtí seo

An 2 Iúil 2013, ghlac Parlaimint na hEorpa rún maidir leis an bhFás Gorm^[5] ag cur fáilte roimh an teachtaireacht ón gCoimisiún maidir leis an bhFás Gorm, rud a chuireann le hacmhainneacht an gheilleagair mhuirí fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach a dhéanamh agus deiseanna fostaíochta a chruthú. Féachann an rún sin le BMC a athbheochan agus le tacú leis, ach á chur i bhfios go gcuirfidh an Straitéis maidir leis an bhFás Gorm, mar chuid de BMC, spreagadh ar fhorbairt sineirgí agus beartas comhordaithe, agus ar an dóigh sin, a chruthaíonn breisluach Eorpach.

I vóta iomlánach an 16 Aibreán 2014 ar an Rialachán maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI), d'fhorghuinigh an Pharlaimint leithdháileadh buiséadach de 5% de thoirt iomlán CEMI do BMC do thréimhse 2014-2020, ar ionann é agus méadú faoi cheathair ar BMC.

An 16 Eanáir 2018, ghlac an Pharlaimint freisin rún maidir le rialachas idirnáisiúnta aigéan: clár oibre le haghaidh thodhchaí ár n-aigéan i gcomhthéacs Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2030^[6]. Baineann rialachas le gach gníomhaíocht mhuirí agus mhara a dhéanann daoine, idir ghníomhaíochtaí traidisiúnta agus ghníomhaíochtaí nua, lena n-áirítear iascaigh.

An 27 Márta 2019, ghlac an Pharlaimint rún le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le laghdú a dhéanamh ar an tionchar atá ag táirgí plaisteacha áirithe ar an gcomhshaol^[7]. Faoi chuimsiú geilleagar ciorclach a bhunú, luann sé an gá atá ann d'úsáideoirí trealamh iascaireachta ina bhfuil plaisteach breithniú a dhéanamh ar roghanna malartacha in-athúsáidte agus ar chórais athúsáidte.

An 4 Aibreán 2019, ghlac an Pharlaimint rún le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le leibhéal fosta oiliúna do mharaithe.^[8] Is éard is aidhm dó ná leibhéal na sábháilteachta muirí agus an leibhéal truailithe ar muir a fheabhsú trí oiliúint mhuirí agus deimhniú muirí a fhorbairt i gcomhréir le rialacha idirnáisiúnta agus dul chun cinn teicneolaíoch.

[4]IO C 70 E, 8.3.2012, Ith. 70.

[5]IO C 75, 26.2.2016, Ith. 24.

[6]P8 TA(2018)004

[7]P8 TA(2019)0305

[8]P8 TA(2019)0354



Carmen-Paz Martí
05/2019

